# Additional Resources and Payment Arrangements for School Appointed Personnel for State Examinations 2026

1. Introduction
2. Refunds to Schools
3. Application of Tax, PRSI and USC
4. My Future Fund Auto-Enrolment Retirement Savings Scheme
5. Rates of Payment 2026
6. Advance Payments to Schools
7. Accounting for State Exam Income and Expenditure
8. Claims for Reimbursement

## 1. Introduction

Schools are required to:

- arrange payment to school appointed personnel engaged in examinations roles.
- maintain records of these activities; and
- collect receipts from those paid to facilitate claiming payment for SEC in due course.

At the end of the examination period, schools should claim the costs incurred for the State Examinations 2026 from the SEC, to include the Examination Aides, all school appointed Superintendents, Examination Attendants, payment for preparatory work and assessment of projects, miscellaneous expenses and transport costs associated with Oral Examinations at Easter.

The relevant forms and receipts, including the master claim form, are detailed in **Appendix 1** and are available on the FSSU website and the SEC website at www.examinations.ie under: Schools > Circulars/Information > Superintendents, Centres, Examination Aides.

**Please note that claim forms will not be posted out to schools this year by the SEC.**
SEC Circular S17/26 advises of the payment arrangements, including rates of payment, which will apply for school appointed personnel and other additional costs for Examinations 2026.

The circular should be read in conjunction with SEC Circulars: Circular S86/25 – *Leaving Certificate*

*2026 – Preliminary Information on the Oral Examinations in Irish & Modern Foreign Languages*, Circular S18/26 – *Leaving Certificate (Established) Examinations 2026; Oral Examinations in Irish and the Modern Foreign Languages*, Circular S14/26 - *RACE - Interim Additional time arrangements at the 2026 State Examinations* and other circulars relating to the conduct of the examinations.

## 2. Refunds to Schools

The State Examinations Commission (SEC) will refund the costs in respect of the following, where appropriate:

a) Examination Aide Days
b) Examination Aide – Pastoral Support for Leaving Certification Oral examinations at Easter
c) Designated person for Visual Impaired Candidates
d) School appointed Superintendents for the Day Practical tests in Leaving Certificate Construction Studies, Engineering and Art, the final examinations in May in LCVP Links Modules, LCA ICT and Leaving Certificate Computer Science and as required for the Aural Examinations in June
e) School appointed Superintendents for special examination centres
f) Examination Attendants
g) Miscellaneous Expenses associated with schools open during Easter holidays to facilitate the 2026 Leaving Certification Oral Examinations
h) Transport costs associated with candidates travelling to school for examinations over Easter holidays
i) Payment for preparatory work/assessment of projects.

## 3. Application of Tax, PRSI and USC

School appointed personnel associated with running the state examinations must be registered with ROS and the payment processed through the school's computer payroll package. It is the responsibility of individual schools to administer tax, PRSI and USC for the above appointments and to pay over any monies deducted in respect of same to the Revenue Commissioners.

The appointment of school personnel for the examinations is covered under **Class J PRSI**. This is because state examination work is subsidiary employment. This will need to be confirmed under the employee's details in the payroll package. The rate of employer PRSI under this class is 0.7%.

The SEC will refund to schools the employer PRSI at the appropriate rate.

Payments are exempt from the Additional Superannuation Contribution (ASC).

In order to ensure that the payroll can be processed in a timely manner, it is advisable that the following details are received from each employee on commencement of their duties:

- Name
- Address
- Date of Birth
- PPS Number
- Commencement date
- Bank account details – Account BIC & IBAN

For attendants it may be their first employment. They will need to register the employment as soon as possible to avoid paying emergency tax. To do this, they must register for 'myAccount' with Revenue. When they receive the 'myAccount' password they will be able to register the employment with the school. In order to do this, you will need to provide them with the school's employer registration number. When they have registered the employment, Revenue will make a Revenue payroll notification (RPN) available to the school.

## 4. My Future Fund Auto-Enrolment Retirement Savings Scheme

The SEC will refund to schools the employer contribution for those automatically enrolled by NAERSA at the appropriate rate in respect of school appointed personnel. In the first year the employer will pay 1.5% and employee will pay 1.5%.
The employer expense incurred should be included in the Overview Form 2026 and supporting documentation should be included to support the claim.
Supporting documentation can be in the form of print outs or screenshots from the NAERSA portal or a report from the payroll system. Any information included on the documentation not relevant to the claim, e.g. personnel not involved in exams or payroll taxes and net pay amounts should be redacted.
An excel FSSU claim form can be found here to assist in computing the total MyFutureFund employer contribution cost.

**Relevant claim form:**

Under Part 3 'Miscellaneous Expenses – Associated with Oral Examinations Only + My Future Fund Employer Refund'

- Overview Form 2026 – Summary of School Claim

## 5. Rates of Payment 2026

### (i) Examination Aides

| | |
|---|---|
| Examination Aides Rate per Day | €172.60 |

As per SEC Circular S17/2026, the number of Examination Aide days available will depend on the number of candidates in the school and the range of activities that are required to meet the needs of candidates in that school, as follows:

**a. General**

| Purpose | Max Days Available<br>Up to 300 Candidates | Max Days Available<br>300 or more Candidates |
|---|---|---|
| Planning for State examinations including the June examinations | Up to 15 Days | Up to 15 Days |
| RACE Scheme – administration of the Interim additional time arrangements – See Circular S14/26 and detailed implementation circular. | Up to 2 Days | Up to 2 Days |
| Recognised post-primary schools with 300 or more examination candidates due to take examinations, will be permitted to claim an additional day for every 50 additional candidates | Nil | 1 additional day for every 50 additional candidates |

**b. Oral Examinations at Easter**

| These resources are specific to the timing of the Leaving Certificate Language Oral examinations in the Easter Holidays. | Up to 120 Leaving Certificate Candidates | 120 or more Leaving Certificate Candidates |
|---|---|---|
| Administration Examinations Aide:<br>Planning and administration of the examinations taking place over the Easter holidays from Saturday 28 March 2026 to Thursday 2 April 2026. | Up to 8 Days | Up to 10 Days |
| Pastoral Support Examination Aide:<br>a) support candidates coming into school for their examinations<br>b) ensure the attendance of all candidates for these important examinations | One day for each day on which oral examinations are scheduled in the schools. Up to 6 days | One day for each day on which oral examinations are scheduled in the schools. Up to 6 days |

Please note the Pastoral Support Examinations Aide and the Administration Examinations Aide for the Leaving Certificate Orals should be different personnel.

**c. Other Days**

| | | |
|---|---|---|
| Schools which have examinations on Monday 22 or Tuesday 23 of June can claim up to 2 additional days; one for each day they are required to open | Up to 2 Days | Up to 2 Days |
| Schools opening on one Sunday in June to provide for the receipt of the written examination papers. | 2 Days per Sunday as required | 2 Days per Sunday as required |

| | | |
|---|---|---|
| Schools with candidates seeking access to the Deferred Leaving Certificate examinations | One day | One day |

**d. Designated Person for Visual Impaired Candidates under the Care Visiting Teacher Service**

| | |
|---|---|
| Designated Person (for visual impaired candidates) Rate per Day | €86.30 |

A separate circular will issue later in relation to specific arrangements around the appointment of a designated person.

**Relevant claim form:**

- Form E.A.1 2026 – Examination Aide/Designated Person School Reimbursement Form 2026

**(ii) School appointed Superintendents, including Special Centre Superintendents, for the day practical examinations in Construction Studies, Engineering and Art, LCVP Links Modules, Leaving Certificate Computer Science and LCA ICT examinations in May, and additional centres required for Aural Examinations for Leaving Certificate, Leaving Certificate Applied and Junior Certificate.**

Other than the Aural Examinations in June, the other listed examinations are taking place in schools on school days. Details of the particular examination arrangements that will apply will be the subject of separate SEC communications which will issue prior to the commencement of these examinations.
The rate of payment for individuals appointed as Superintendents and Special Centre Superintendents for the examinations in 2026 are as follows:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Practical Tests-<br><br>Leaving Certificate Construction Studies, Engineering and Art; LCVP Links Modules, Leaving Certificate Computer Science | Non-SNA Rate | €142.15 | per day |
| | SNA Rate | €108.46 | per day |
| | Non-SNA Rate | €71.07 | per session |
| | SNA Rate | €54.23 | per session |
| Practical Tests - LCA ICT May Examination. | Non-SNA Rate | €71.07 | per session |
| | SNA Rate | €54.23 | per session |
| Aural Exams Leaving Certificate/Leaving Certificate Applied/Junior Cycle | Non-SNA Rate | €71.07 | per session |
| | SNA Rate | €54.23 | per session |

**Relevant Claim Form:**

- Form P1 2026- Claim for Refund of Fees paid for Practical/Aural/Computer Science/LCVP/Listed LCA Subjects

### (iii) School Appointed Superintendents for Reasonable Accommodations

The rates for school appointed superintendents for reasonable accommodations (which include the duties of Reader and/or Scribe) for special centres for the 2026 examinations are as follows:

| | |
|---|---|
| School appointed Special Centre Superintendent (Non-SNA Rate) | €71.07 per session |
| School appointed Special Centre Superintendent (SNA Rate) | €54.23 per session |

Where the school appoints a local Superintendent and that Superintendent is a Special Needs Assistant, specific payment arrangements apply. The Department of Education and Youth has an agreement with the trade Union FORSA, which represents SNAs, that in cases where an SNA is supporting a candidate in a special centre during the examinations and also performing the duties associated with superintending of the special centre, the agreed fee, will be paid to the SNA in respect of the superintending role.

**Relevant claim form:**

- SP1 2026 - Claim for Refund of Fees paid to school appointed Superintendents where reasonable accommodation arises

### (iv) Examination Attendants

Student attendants, nominated by schools, assist the Superintendents throughout the examinations.

**Main Examination Centres:**
Attendants should be appointed on the basis of one attendant per main examination centre.

**Special Examinations Centres -Shared Only**
On application, the SEC may authorise the appointment of a shared attendant for shared special examination centres as follows;
• one attendant for every two shared special centres provided there are 6 candidates or more between the two centres.
School authorities must apply for approval for these posts from RACE section by e-mail to race@examinations.ie.

The SEC will not fund the cost of attendants assigned by schools to individual special centres. Should a school assign attendants to individual special centres they will be required to meet this cost from their own resources.

Payments to attendants should be processed through the school payroll and costs recouped from the SEC, at Class J or Class M for those under age 16. It is likely emergency tax rates will apply if the attendant has not previously registered with Revenue. To avoid this, attendants should register for Revenue's 'myAccount' now and register the school as their employer.

Please provide attendants with the school's employer tax registration number for them to be able to do this. Any taxes that may be deducted, where they have not registered can be reclaimed by the attendant logging on to their Revenue's MyAccount and selecting 'Claim unemployment repayment' on the PAYE services card.

The Attendant timesheet will specify the rates applicable.

**Note** If Employer's PRSI of 0.7% (Class J) is paid this should be written on to the end of the form and added to the refund being claimed.

**Relevant claim forms**:

- Attendant's Timesheet/Receipt - Over 18 years
- Attendant's Timesheet/Receipt - Under 18 years

### (v) Miscellaneous Expenses

The SEC will consider claims from schools and other exchequer funded settings for reasonable additional costs specifically incurred to ensure school opening at Easter, subject to the qualification below:

| Miscellaneous Expenses | Guide |
|---|---|
| Heating/Lighting | Based on a reasonable proportion of amenity bills for the duration of examinations and the number of examination sessions held in the school over the **Easter holidays**. |
| Caretaking/Cleaning | Based on agreed rates of pay in the school to cover Examinations held in the school over the **Easter holidays**. |

**Relevant claim form:**

Under Part 3 'Miscellaneous Expenses – Associated with Oral Examinations Only + My Future Fund Employer Refund'

- Overview Form 2026 – Summary of School Claim

### (vi) Transport for some candidates travelling to schools for examinations over the Easter holidays

Schools are asked to facilitate the attendance of candidates for examinations over the Easter holidays, using taxi services in the following limited circumstances. The candidates must be:

- eligible for school transport under the terms of the Department's School Transport Scheme
- be availing of school transport in the current school year and
- be required to attend for the Oral examination event over this period.

The SEC will reimburse schools for reasonable costs of such services on the production of valid receipts.

Note: For the Deferred Leaving Certification examination, candidates are required to meet their own costs.

**Relevant claim form:**
Under Part 3 'Miscellaneous Expenses – Associated with Oral Examinations Only'**.**

- Overview Form 2026 – Summary of School Claim

**(vii) Preparatory Work/Assessment of Projects for State Examinations**

- Teachers who undertake preparatory work and assessment of projects for the State Examinations in schools, where applicable.
- Please note that only one payment per candidate per subject can be claimed.
- Schools should arrange to pay teachers directly through the school payroll for this work and the cost can be recouped as part of the school claim from the SEC.
- Preparatory work and assessment of projects are limited to the following subjects at the rates specified:

| **Preparatory Work** | | **Rate per Candidate** |
|---|---|---|
| Junior Cycle | Wood Technology | €6.13 |
| Junior Cycle | Home Economics Practical (Higher & Ordinary) | €6.13 |
| Leaving Certificate | Construction Studies Practical (Higher & Ordinary) | €6.13 |
| Leaving Certificate | Engineering Practical (Higher & Ordinary) | €6.13 |
| Leaving Certificate | Art Coursework (Higher & Ordinary) | €6.13 |
| Leaving Certificate Applied | Hotel Catering & Tourism | €6.13 |
| Leaving Certificate Applied | Graphics & Construction Studies (Year 2) | €6.13 |
| Leaving Certificate Applied | Info & Communications Technology (Year 2) | €6.13 |
| **Assessment of Projects** | | **Rate per Candidate** |
| Leaving Certificate | Construction Studies – Practical | €4.40 |

**Relevant claim form:**

- Form APW1 2026 – Claim for Refund of Fees Paid for Assessment of Projects and Preparatory Work

## 6. Advance Payments to Schools

To assist with defraying some of the costs associated with the 2026 State Examinations, the SEC will provide an advance payment to schools in May 2026 for Examinations 2026, in line with the normal practice. The advance will be offset against the final school 2026 claim.

## 7. Claims for Reimbursement

All documentation relating to payments to school appointed personnel for examinations 2026 should be retained by schools during the examination process.
**<u>All claims are to be held and sent together in one submission at the end of all activities relating to examinations 2026.</u>**

All claims for reimbursement **<u>must be made on the appropriate SEC forms</u>**.
The composite [Overview Form OS 2026] must be completed and returned with all completed individual claim forms to:

***Schools Payable,***
***Finance Section,***
***State Examinations Commission,***
***Cornamaddy,***
***Athlone,***
***Co Westmeath,***
***N37 TP65.***

The use of non-SEC claim forms will result in the entire claim being returned to the school.
All claims for reimbursement must be signed by the recipient in the school and the school Principal.
Claims that are completed incorrectly, inaccurately and /or unsigned will be returned in their entirety to the school.

## 8. Accounting for State Exam Income and Expenditure

The income and associated expenditure should be recorded appropriately in the school's accounts.
The nominal codes used to record receipt of the State Exam Income and related expenditure are as follows:

| Income/Expense Type | Code | Description | Category |
|---|---|---|---|
| Grant received | 3255 | State Exam Income | Department of Education and Youth |
| State examination personnel related payments | 4155 | State Exam Wages Expense | Education Salary |
| Heating | 5510 | Heating Expense | Repairs, Maintenance & Establishment |
| Lighting | 5550 | Light and Power Expense | Repairs, Maintenance & Establishment |
| Caretaking | 5010 | Caretaker Wages Expense | Repairs, Maintenance & Establishment |
| Cleaning | 5110 | Cleaners Wages Expense | Repairs, Maintenance & Establishment |
| Transport costs | 4914 | Other Non Capital DE Grants Expense | Education Other Expenditure |

If the SEC has not reimbursed the school before the 31st of August, the Grant due should be included in nominal code 1730 Grants Due. This can be done by a journal at the year-end as follows;

<table>
<tr><td>31.08.20XX</td><td>Code</td><td>Nominal Description</td><td rowspan="3">€<br>Amount due<br>from SEC</td></tr>
<tr><td>Credit</td><td>3255</td><td>State Exam Income</td></tr>
<tr><td>Debit</td><td>1730</td><td>Grants Due</td></tr>
</table>

## 9. Queries

Queries can be directed to the SEC Finance Section at phone numbers: 090 - 644 2801 / 2877 / 2899 /2805 or via e-mail to schoolspayable@examinations.ie.

Further information or clarification on any of the issues raised in this guideline can be obtained from the FSSU.

*Financial Support Services Unit*
Tel: 01-269 0677
info@fssu.ie

*14th April 2026*

## Appendix 1

Forms are available on www.examinations.ie (under: Schools > Circulars/Information > Superintendents, Centres, Examination Aides) and on the FSSU website as listed below:

- Overview Form 2026 – Summary of School Claim
- Form E.A.1 2026 – Examination Aide/Designated Person School Reimbursement Form 2026
- Form P1 2026- Claim for Refund of Fees paid for Practical/Aural/Computer Science/LCVP/Listed LCA Subjects
- SP1 2026 - Claim for Refund of Fees paid to school appointed Superintendents where reasonable accommodation arises
- Attendant's Timesheet/Receipt - Over 18 years
- Attendant's Timesheet/Receipt - Under 18 years
- Form APW1 2026 – Claim for Refund of Fees Paid for Assessment of Projects and Preparatory Work

## Appendix 2

| | | |
|---|---|---|
| **Examination Aides** | €172.60 | per day |
| **Designated Person (for visual impaired candidates)** | €86.30 | per day |

| **Superintendents** | | |
|---|---|---|
| Reasonable Accommodations: (Non-SNA Rate) | €71.07 | per session |
| Reasonable Accommodations: (SNA Rate) | €54.23 | per session |
| Practical Tests (Non-SNA Rate) | €142.15 | per day |
| (Leaving Certificate Construction Studies, Engineering and Art; LCVP Links Modules, Leaving Certificate Computer Science) | €71.07 | per session |
| Practical Tests (SNA Rate) | €108.46 | per day |
| (Leaving Certificate Construction Studies, Engineering and Art; LCVP Links Modules, Leaving Certificate Computer Science) | €54.23 | per session |
| LCA ICT May Examination (Non-SNA Rate) | €71.07 | per session |
| LCA ICT May Examination (SNA Rate) | €54.23 | per session |
| Special Centre Superintendent for Written or Practical Examinations (Non-SNA Rate) | €71.07 | per session |
| Special Centre Superintendent for Written or Practical Examinations (SNA Rate) | €54.23 | per session |
| Aural Exams Leaving/LCA/Junior Cycle (Non-SNA rate) | €71.07 | per session |
| Aural Exams Leaving/LCA/Junior Cycle (SNA rate) | €54.23 | per session |
| Leaving Certificate Applied (For Gaeilge Chumarsáideach, & Languages (Year 1) (Non-SNA rate) | €71.07 | per session |
| Leaving Certificate Applied (For Gaeilge Chumarsáideach, & Languages (Year 1) (SNA rate) | €54.23 | per session |

| **Teachers who undertake preparatory work and assessment of projects** | | |
|---|---|---|
| Preparatory Work | €6.13 | Per candidate |
| Assessment of Projects | €4.40 | Per candidate |

# Acmhainní Breise agus Socruithe Íocaíochta do Phearsanra arna Cheapadh ag an Scoil le haghaidh Scrúduithe Stáit 2026

1. **Réamhrá**
2. **Aisíocaíochtaí do Scoileanna**
3. **Feidhmiú Cánach Ioncaim, MSU agus ÁSPC**
4. **MyFutureFund – An Scéim Uathchláraithe Coigiltis Scoir**
5. **Rátaí Íocaíochta 2026**
6. **Réamhíocaíochtaí le Scoileanna**
7. **Cuntasaíocht le haghaidh Ioncam agus Caiteachas i leith Scrúduithe Stáit**
8. **Éilimh ar Aisíocaíocht**

## 1. Tús

Is gá do scoileanna:

- íocaíocht a shocrú do phearsanra arna cheapadh ag an scoil, atá i mbun róil a bhaineann le scrúduithe.
- taifid a choinneáil ar na gníomhaíochtaí sin; agus
- fáltais a bhailiú uathu siúd a íocadh, le go mbeadh sé níos éasca íocaíocht le haghaidh SEC a éileamh níos déanaí.

Ag deireadh thréimhse na scrúduithe, ba cheart do scoileanna na costais a tabhaíodh do Scrúduithe Stáit 2026 a éileamh ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit, lena n-áirítear na Cúntóirí Scrúdaithe, gach Feitheoir arna cheapadh ag an scoil, Maoir Scrúdaithe, íocaíocht as réamhobair agus measúnú ar thionscadail, costais ilghnéitheacha agus costais iompair a bhaineann leis na Scrúduithe Béil in aimsir na Cásca.

Tá na foirmeacha agus na hadmhálacha ábhartha, lena n-áirítear an fhoirm máistir-éilimh, mionsonraithe in **Aguisín 1** agus tá siad ar fáil ar suíomh gréasáin FSSU agus suíomh Gréasáin an SEC ag www.examinations.ie faoi: Scoileanna > Ciorcláin/Faisnéis > Feitheoirí, Ionaid, Cúntóirí Scrúduithe.

**Tabhair do d’aire nach mbeidh foirmeacha éilimh á seoladh ag SEC sa phost chuig scoileanna i mbliana.**
Tá na socruithe íocaíochta leagtha amach i gCiorclán S17/2026 ó CSS, lena n-áirítear na rátaí íocaíochta a bheidh ábhartha i gcás pearsanra arna cheapadh ag an scoil agus costais bhreise eile le haghaidh Scrúduithe 2026.

Ba chóir an ciorclán a léamh i dteannta le Ciorcláin an SEC: Ciorclán S86/25 – *Ardteistiméireacht 2026 – Réamheolas ar na Scrúduithe Béil sa Ghaeilge agus i dTeangacha Iasachta Nua-Aimseartha,* Ciorclán S18/26 – *Scrúduithe na hArdteistiméireachta (Bunaithe) 2026; Scrúduithe Béil sa Ghaeilge agus sna Teangacha Iasachta Nua-Aimseartha,* Ciorclán S14/26 - *RACE - Socruithe ama breise eatramhacha ag Scrúduithe Stáit 2026* agus ciorcláin eile a bhaineann le reáchtáil na scrúduithe.

## 2. Aisíocaíochtaí do Scoileanna

Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na costais a aisíoc i ndáil leis na róil seo a leanas, nuair is iomchuí:

a) Laethanta Chúntóir Scrúdaithe
b) Cúntóir Scrúduithe – Tacaíocht Thréadach do Scrúdú cainte na hArdteistiméireachta ag an gCáisc
c) Duine ainmnithe d’Iarrthóirí a bhfuil Lagú Radhairc orthu
d) Feitheoirí ceaptha ag an scoil i dtaca le Scrúduithe Praiticiúla Lae i Staidéar Foirgníochta, Innealtóireacht agus Ealaín na hArdteistiméireachta, na scrúduithe deiridh i mí na Bealtaine i Nascmhodúil LCVP, LCA - TFC agus Eolaíocht Ríomhaireachta na hArdteistiméireachta agus de réir mar is gá do na Scrúduithe Cluaise i mí an Mheithimh
e) Feitheoirí arna gceapadh ag an scoil d’ionaid speisialta scrúduithe
f) Maoir Scrúdaithe
g) Costais Ilghnéitheacha a bhaineann le scoileanna a bhí ar oscailt le linn shaoire na Cásca chun Scrúduithe Béil na hArdteistiméireachta 2026 a éascú
h) Costais iompair a bhaineann le hiarrthóirí ag taisteal chun na scoile le haghaidh scrúduithe thar laethanta saoire na Cásca
i) Íocaíochtaí as réamhobair/measúnú ar thionscadail.

## 3. Feidhmiú Cánach Ioncaim, MSU agus ÁSPC

Ní mór do phearsanra arna cheapadh ag an scoil a bhfuil baint acu le reáchtáil na scrúduithe stáit a bheith cláraithe le ROS agus an íocaíocht a phróiseáil trí ríomhphacáiste párolla na scoile. Tá freagracht ar scoileanna aonair as cáin ioncaim, ÁSPC agus MSU a riar i gcás na gceapachán thuasluaite agus aon airgead a asbhaintear ina leith a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Clúdaítear ceapachán pearsanra scoile le haghaidh scrúduithe faoi **ÁSPC Aicme J**. Is é is cúis leis sin ná gur fofhostaíocht í an obair ar scrúduithe stáit. Caithfear é seo a dheimhniú faoi shonraí an fhostaí sa phacáiste párolla. Is é ráta ÁSPC an fhostóra faoin aicme seo ná 0.7%.

Aisíocfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an ÁSPC fostóra le scoileanna ag an ráta cuí.

Tá na híocaíochtaí díolmhaithe ón Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC).

Lena chinntiú gur féidir an párolla a phróiseáil go tráthúil, moltar na sonraí seo a leanas a fháil ó na fostaithe uile nuair a chuirtear tús lena ndualgais:

- Ainm
- Seoladh
- Dáta Breithe
- An Uimhir PSP
- Dáta tosaithe
- Sonraí bainc – BIC agus IBAN an Chuntais

D'fhéadfadh sé go mbeidh an chéad fhostaíocht i gceist do roinnt oibreoirí. Beidh orthu an fhostaíocht a chlárú a luaithe is féidir chun an cháin éigeandála a sheachaint. Leis é sin a dhéanamh, ní mór dóibh clárú le haghaidh 'moChúrsaí' leis na Coimisinéirí Ioncaim. Nuair a bhfaighidh siad pasfhocal 'moChúrsaí' beidh siad in ann an fhostaíocht leis an scoil a chlárú. Chuige sin, ní mór duit uimhir chláraithe fostóra na scoile a thabhairt dóibh. Nuair a bheidh an fhostaíocht cláraithe acu, cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim Fógra Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim (FPCI) ar fáil don scoil.

## 4. My Future Fund-An Scéim Uathchláraithe Coigiltis Scoir

Aisíocfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit ranníocaíocht an fhostóra le scoileanna dóibh siúd atá cláraithe go huathoibríoch ag NAERSA ag an ráta cuí i leith pearsanra ceaptha scoile. Sa chéad bhliain íocfaidh an fostóir 1.5% agus íocfaidh an fostaí 1.5%.
Ba chóir costas an fhostóra a tabhaíodh a chur san áireamh i bhFoirm Forléargais 2026 agus ba chóir doiciméid tacaíochta a chur san áireamh chun tacú leis an éileamh.
Is féidir doiciméid tacaíochta a bheith déanta i bhfoirm asphriontaí nó seatanna scáileáin ó thairseach NAERSA nó tuairisc ón gcóras párolla. Ba chóir aon fhaisnéis atá san áireamh sa doiciméadacht nach bhfuil ábhartha don éileamh, m.sh. pearsanra nach bhfuil bainteach le scrúduithe ná cánacha párolla agus méideanna glanphá a cheilt.

Is féidir foirm éilimh FSSU i bhformáid Excel a fháil anseo chun cabhrú le costas iomlán ranníocaíochta fostóra MyFutureFund a ríomh.

**Foirm éilimh ábhartha:**

Faoi Chuid 3 'Costais Ilghnéitheacha – a Bhaineann le Scrúduithe Béil Amháin + Aisíocaíocht Fhostóra ó My Future Fund''.

➢ Foirm Forléargais 2026 – Achoimre ar Éileamh Scoile

## 5. Rátaí Íocaíochta 2026

### (ii)Cúntóirí Scrúdaithe

| | |
|---|---|
| Ráta Cúntóirí Scrúdaithe in aghaidh an Lae | €172.60 |

De réir Chiorclán S17/2026 ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, braithfidh líon na laethanta Cúntóirí Scrúdaithe a bheidh ar fáil ar líon na n-iarrthóirí sa scoil agus ar an réimse gníomhaíochtaí a theastaíonn chun freastal ar riachtanais na n-iarrthóirí sa scoil sin, mar seo a leanas:

### a. Ginearálta

| **Cuspóir** | **Uasmhéid Laethanta Ar Fáil**<br>**Suas le 300 Iarrthóir** | **Uasmhéid Laethanta Ar Fáil**<br>**300 Iarrthóir nó níos mó** |
|---|---|---|
| | | |
| Pleanáil le haghaidh scrúduithe Stáit agus scrúduithe an Mheithimh san áireamh | Suas le 15 lá | Suas le 15 lá |
| Scéim RACE – riarachán na socruithe ama breise eatramhacha – Féach Ciorclán S14/26 agus an ciorclán cur chun feidhme mionsonraithe. | Suas le 2 Lá | Suas le 2 Lá |
| Beidh cead ag iar-bhunscoileanna aitheanta a bhfuil 300 iarrthóir scrúdaithe nó níos mó acu le scrúduithe a dhéanamh, lá breise a éileamh do gach 50 iarrthóir sa bhreis | Nialas | Lá amháin breise do gach 50 iarrthóir breise |

### b. Scrúduithe Béil in Aimsir na Cásca

| **Braitheann na hacmhainní seo go sonrach ar an gcaoi a ndéantar scrúduithe béil na hArdteistiméireachta a sceidealú i Laethanta Saoire na Cásca.** | **Suas le 120 Iarrthóir Ardteistiméireachta** | **120 Iarrthóir Ardteistiméireachta nó níos mó** | |
|---|---|---|---|
| Riarachán um Chúntóirí Scrúduithe:<br>Pleanáil agus riaradh na scrúduithe thar laethanta saoire na Cásca ó Dé Sathairn, an 28 Márta 2026 go Déardaoin, an 2 Aibreán 2026. | Suas le 8 lá | Suas le 10 Lá | |
| Cúntóir Scrúduithe Tacaíochta Tréadaí:<br>a) tacú le hiarrthóirí agus iad ag teacht isteach sa scoil le haghaidh scrúduithe<br>b) cinntiú go bhfreastalaíonn iarrthóirí ar na scrúduithe tábhachtacha seo | Lá amháin in aghaidh gach lae dá bhfuil scrúduithe cainte le bheith ar siúl. Suas le 6 lá | Lá amháin in aghaidh gach lae dá bhfuil scrúduithe cainte le bheith ar siúl. Suas le 6 lá | |

Tabhair faoi deara, gur cheart go mbeadh an Cúntóir Scrúduithe Tacaíochta Tréadaí agus an Cúntóir Scrúduithe Riaracháin do na Béaltrialacha Ardteistiméireachta ina mball foirne éagsúil.

**c. Laethanta Eile**

| | | |
|---|---|---|
| Scoileanna a reáchtálann scrúduithe Dé Luain, an 22 Meitheamh nó Dé Máirt, an 23 Meitheamh, is ceadmhach dóibh suas le 2 lá breise a éileamh; ceann do gach lá a chaithfidh siad a bheith ar oscailt | Suas le 2 Lá | Suas le 2 Lá |
| Scoileanna a osclaíonn ar Dhomhnach amháin i mí an Mheithimh chun socrú a dhéanamh maidir le páipéir scrúduithe scríofa a fháil. | 2 Lá in aghaidh an Domhnaigh de réir mar is gá | 2 Lá in aghaidh an Domhnaigh de réir mar is gá |
| Scoileanna a bhfuil iarrthóirí acu atá ag iarraidh rochtain a fháil ar scrúduithe na hArdteistiméireachta Iarchurtha | Lá amháin | Lá amháin |

**d. Duine Ainmnithe d'Iarrthóirí a bhfuil Lagú Radhairc orthu faoi Sheirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta Cúraim**

| | |
|---|---|
| Ráta in aghaidh an Lae do Dhuine Ainmnithe (d'iarrthóirí a bhfuil lagú radhairc orthu) | €86.30 |

Eiseofar ciorclán ar leith níos déanaí i ndáil le socruithe sonracha maidir le ceapachán duine ainmnithe.

**Foirm éilimh ábhartha:**

- Foirm E.A.1 2026 – Foirm Aisíocaíochta Scoile maidir le Cúntóir Scrúdaithe/Duine Ainmnithe, 2026

**(ii) Feitheoir ceaptha ag an scoil, lena n-áirítear Feitheoirí Ionaid Speisialta, do scrúduithe praiticiúla lae i Staidéar Foirgníochta, Innealtóireacht agus Ealaín, Nascmhodúil LCVP, scrúduithe Ríomheolaíochta na hArdteistiméireachta agus scrúduithe TFC na hArdteistiméireachta i mí na Bealtaine, agus ionaid bhreise atá riachtanach do Scrúduithe Cluastuisceana don Ardteistiméireacht, don Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus don Teastas Sóisearach**

Seachas na Scrúduithe Cluastuisceana i mí an Mheithimh, beidh na scrúduithe eile atá liostaithe ar siúl i scoileanna ar laethanta scoile. Beidh sonraí na socruithe scrúdaithe sonracha a bheidh i bhfeidhm ina n-ábhar i gcumarsáid ar leithligh ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit a eiseofar roimh thús na scrúduithe sin.
Is iad seo a leanas na rátaí íocaíochta do dhaoine aonair a cheaptar mar Fheitheoirí agus mar Fheitheoirí Ionaid Speisialta do na scrúduithe in 2026:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Scrúduithe Praiticiúla-<br><br>Staidéir Foirgníochta, Innealtóireacht agus Ealaín na hArdteistiméireachta; Nascmhodúil LCVP, Eolaíocht Ríomhaireachta na hArdteistiméireachta | Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad | €142.15 | in aghaidh an lae |
| | Ráta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta | €108.46 | in aghaidh an lae |
| | Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad | €71.07 | in aghaidh an tseisiúin |
| | Ráta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta | €54.23 | in aghaidh an tseisiúin |
| Scrúduithe Praiticiúla - LCA ICT Bealtaine Scrúdú. | Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad | €71.07 | in aghaidh an tseisiúin |
| | Ráta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta | €54.23 | in aghaidh an tseisiúin |
| Scrúduithe Cluastuisceana na hArdteistiméireachta/Ardteistiméireacht Fheidhmeach/An tSraith Shóisearach | Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad | €71.07 | in aghaidh an tseisiúin |
| | Ráta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta | €54.23 | in aghaidh an tseisiúin |

**Foirm Éilimh Ábhartha:**

- Foirm P1 2026 – Éileamh ar Aisíocaíocht Táillí a íocadh as Scrúdú Praiticiúil/Scrúdú Cluastuisceana/Ríomheolaíocht/GCAT/Ábhair ATF Liostaithe

### (iv) Feitheoirí arna gCeapadh ag an Scoil i gcomhair Freastal Réasúnta

Is iad seo a leanas na rátaí le haghaidh feitheoirí arna gceapadh ag an scoil le haghaidh Cóiríochta Réasúnta (lena n-áirítear dualgais Léitheora agus/nó Scríobhaí) agus in ionaid speisialta do scrúduithe 2026:

| | |
|---|---|
| Feitheoir Ionaid Speisialta ceaptha ag an scoil (Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad) | €71.07 in aghaidh an tseisiúin |
| Feitheoir Ionaid Speisialta ceaptha ag an scoil (Ráta Chúntóirí Riachtanas Speisialta) | €54.23 in aghaidh an tseisiúin |

I gcás ina gceapann an scoil Feitheoir áitiúil agus gur Cúntóir Riachtanas Speisialta an Feitheoir sin, beidh socruithe íocaíochta sonracha i bhfeidhm. Tá comhaontú ann idir an Roinn Oideachais agus Óige agus an ceardchumann FORSA, a dhéanann ionadaíocht ar Chúntóirí Riachtanas Speisialta, go n-íocfar táille chomhaontaithe le Cúntóir Riachtanas Speisialta i ndáil leis an bpost feitheoireachta, i gcás go bhfuil Cúntóir Riachtanas Speisialta ag tacú le hiarrthóir in ionad speisialta le linn na scrúduithe agus chomh maith leis sin ag comhlíonadh dualgas a bhaineann le feitheoireacht ar an ionad speisialta.

**Foirm éilimh ábhartha:**

- SP1 2026 - Éileamh ar Aisíoc Táillí a íocadh le Feitheoirí arna gceapadh ag an scoil, i gcás go bhfuil freastal réasúnta i gceist

**(iv) Maoir Scrúduithe**

Ainmníonn an scoil daltaí le bheith ina maoir, a chabhróidh leis na Feitheoirí i rith na scrúduithe.

**Príomh-Ionaid Scrúdaithe:**
Ba chóir maoir a cheapadh ar bhonn maor amháin in aghaidh an phríomhionaid scrúdaithe.

**Ionaid Scrúduithe Speisialta -Comhroinnte Amháin**
Ar iarratas a fháil, féadfaidh an Coimisiún um Scrúduithe Stáit ceapachán maoir chomhroinnte a údarú d'ionaid scrúdaithe speisialta comhroinnte mar seo a leanas;
• maor amháin do gach dhá ionad speisialta comhroinnte ar choinníoll go bhfuil 6 iarrthóir nó níos mó idir an dá ionad.
Ní mór d'údaráis scoile iarratas a dhéanamh ar cheadú do na poist seo ón rannóg RACE trí ríomhphost chuig race@examinations.ie.

Ní mhaoineoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit costas na maor a shanntar ag scoileanna chuig ionaid speisialta aonair. Má shannann scoil maoir chuig ionaid speisialta aonair, beidh orthu an costas sin a íoc as a n-acmhainní féin.

Ba cheart íocaíochtaí le maoir a phróiseáil trí phárolla na scoile, ag Aicme J, nó ag Aicme M dóibh

siúd atá faoi bhun 16 bliana d'aois. Is é is dóichí ná go mbeidh rátaí cánach éigeandála i bhfeidhm más amhlaidh nár chláraigh an maor leis na Coimisinéirí Ioncaim roimhe seo. Chun é sin a sheachaint, ba cheart do na maoir clárú le 'moChúrsaí' ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim agus an scoil a chlárú mar a bhfostóir.

Le go mbeadh na maoir in ann amhlaidh a dhéanamh, ní mór cláruimhir chánach na scoile a thabhairt dóibh. Is féidir leis an maor aon chánacha a d'fhéadfaí a asbhaint, sa chás nár chláraigh siad, a aiséileamh trí logáil isteach ar MyAccount ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim agus "Aisíocaíocht Dífhostaíochta a Éileamh" a roghnú ar an gcárta seirbhísí ÍMAT (PAYE).

Leagfar amach i mbileog ama na maor na rátaí atá i bhfeidhm.

**Tabhair do d'aire**, má íoctar ÁSPC fostóra de 0.7% (Aicme J), ba cheart é sin a scríobh ag bun na foirme agus a chur leis an aisíocaíocht atá á héileamh.

**Foirmeacha éilimh ábhartha**:

- Bileog Ama/Admháil na Maor - Os cionn 18 mbliana d'aois
- Bileog Ama/Admháil na Maor - Níos óige ná 18 mbliana d'aois

**(v) Costais Ilghnéitheacha**

Déanfaidh CSS breithniú ar éilimh ó scoileanna agus suíomhanna eile arna maoiniú ag an státchiste ar chostais bhreise réasúnta arna dtabhú go sonrach agus scoil á oscailt ag aimsir na Cásca, faoi réir na gcoinníollacha thíos:

| **Costais Ilghnéitheacha** | **Treoir maidir le** |
|---|---|
| Teas/Soilsiú | Bunaithe ar sciar réasúnta de bhillí conláiste le linn tréimhse na scrúduithe agus ar an líon seisiún scrúdaithe a bheidh ar siúl sa scoil thar laethanta **saoire na Cásca**. |
| Airíocht/Glantóireacht | Bunaithe ar rátaí pá comhaontaithe sa scoil le haghaidh Scrúduithe a reáchtálfar sa scoil thar laethanta **saoire na Cásca** a chlúdach |

**Foirm éilimh ábhartha:**

Faoi Chuid 3 'Costais Ilghnéitheacha – a Bhaineann le Scrúduithe Béil Amháin + Aisíocaíocht Fhostóra ó My Future Fund''.

- Foirm Forléargais 2026 – Achoimre ar Éileamh Scoile

**(vi) Costais iompair a bhaineann le hiarrthóirí ag taisteal go dtí na scoileanna le haghaidh scrúduithe thar laethanta saoire na Cásca**

Iarrtar ar scoileanna freastal iarrthóirí ar scrúduithe i gcaitheamh Shaoire na Cásca a éascú. laethanta saoire, ag baint úsáide as seirbhísí tacsaí sna cúinsí teoranta seo a leanas. Ní mór d'iarrthóirí:

- a bheith incháilithe le haghaidh iompar scoile faoi théarmaí Scéim Iompair Scoile na Roinne
- ag baint leasa as iompar scoile sa bhliain scoile reatha agus
- ar gá dóibh freastal ar Scrúdú cainte le linn na tréimhse sin.

Déanfaidh SEC scoileanna a aisíoc as costais réasúnta a leithéid sin de sheirbhísí má chuireann siad fáltais bhailí ar fáil.

Nóta: I gcás scrúdaithe Iarchurtha na hArdteistiméireachta, ní mór d'iarrthóirí a gcostais féin a chlúdach.

**Foirm éilimh ábhartha:**
Faoi Chuid 3 'Costais Ilghnéitheacha – Bainteach le Scrúduithe Béil Amháin'

- Foirm Forléargais 2026 – Achoimre ar Éileamh Scoile

**(vii) Réamhobair/Measúnú ar Thionscadail le haghaidh Scrúduithe Stáit**

- Múinteoirí a dhéanann réamhobair agus measúnú ar thionscadail do na Scrúduithe Stáit i scoileanna, más iomchuí.
- Mar eolas, ní féidir le gach iarrthóir ach íocaíocht amháin a éileamh do gach ábhar.
- Ba cheart do scoileanna socruithe a dhéanamh múinteoirí a íoc go díreach as an obair seo trí phárolla na scoile, agus féadfaidh siad na costais sin a aisghabháil mar chuid d'éileamh na scoile chuig CSS.
- Tá obair ullmhúcháin agus measúnú tionscadal teoranta do na hábhair a leanas ag na rátaí sonraithe:

| **Obair Ullmhúcháin** | | **Ráta in aghaidh an Iarrthóra** |
|---|---|---|
| Sraith Shóisearach | Teicneolaíocht Adhmaid | €6.13 |
| Sraith Shóisearach | Scrúdú Praiticiúil, Eacnamaíocht Bhaile (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal) | €6.13 |
| An Ardteistiméireacht | Scrúdú Praiticiúil, Staidéir Foirgníochta (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal) | €6.13 |
| An Ardteistiméireacht | Scrúdú Praiticiúil, Innealtóireacht (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal) | €6.13 |
| An Ardteistiméireacht | Obair Chúrsa, Ealaín (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal) | €6.13 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | Lónadóireacht Óstáin agus Turasóireacht | €6.13 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | Staidéir Grafaic agus Foirgníochta (Bliain 2) | €6.13 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (Bliain 2) | €6.13 |

| **Measúnú Tionscadal** | | **Ráta in aghaidh an Iarrthóra** |
|---|---|---|
| An Ardteistiméireacht | Scrúdú Praiticiúil – Staidéir Foirgníochta | €4.40 |

**Foirm éilimh ábhartha:**

- Foirm APW1 2026 - Éileamh ar Aisíocaíocht Táillí a íocadh as Measúnú Tionscadal agus Réamhobair

## 6. Réamhíocaíochtaí le Scoileanna

Le cuid de na costais a bhaineann le Scrúduithe Stáit 2026 a chlúdach, déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit réamhíocaíocht le scoileanna i mí na Bealtaine 2026 as Scrúduithe 2026, mar a dhéantar de ghnáth. Déanfar an réamhíocaíocht a fhritháireamh in aghaidh éileamh deiridh 2026.

## 7. Éilimh ar Aisíocaíocht

Aon doiciméadúchán i dtaca le híocaíochtaí do phearsanra arna cheapadh ag scoileanna le haghaidh scrúduithe 2026, ba cheart do scoileanna é a choimeád i rith phróiseas na scrúduithe.

**<u>Ní foláir gach éileamh a choimeád agus a sheoladh le chéile in aon bheart amháin ag deireadh na ngníomhaíochtaí ar fad a bhaineann le scrúduithe 2026.</u>**

Is gá na héilimh go léir ar aisíocaíocht **<u>a dhéanamh ar na foirmeacha SEC ábhartha</u>**.
Ní mór an <u>Fhoirm Forléargais OS 2026 chumaiscthe</u> a chomhlíonadh agus a chur ar ais le gach foirm éilimh faoi leith chuig:

***Scoileanna Iníoctha,***
***Rannóg Airgeadais,***
***Coimisiún na Scrúduithe Stáit,***
***Corr na Madadh,***
***Baile Átha Luain,***
***Co na hIarmhí,***
***N37 TP65.***

Má bhaintear úsáid as foirmeacha nach foirmeacha de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit iad, cuirfear an t-éileamh uilig ar ais chuig an scoil.
Ní mór gach éileamh ar aisíocaíocht a bheith sínithe ag an bhfaighteoir sa scoil agus ag Príomhoide na scoile. Tabhair do d’aire go gcuirfear ar ais chuig an scoil ina n-iomláine aon éilimh nach gcomhlánaítear i gceart, go cruinn agus /nó nach sínítear.

## 8. Cuntasaíocht le haghaidh Ioncam agus Caiteachais Scrúduithe Stáit

Ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas bainteach a thaifeadadh mar is cuí i gcuntais na scoile. Seo a leanas na cóid ainmniúla a úsáidtear chun ioncam agus caiteachas gaolmhar Scrúdú Stáit a thaifeadadh:

| Cineál Ioncaim/Caiteachais | Ainmniúil | Cur síos | Catagóir |
|---|---|---|---|
| Deontas a fháil | 3255 | Ioncam Scrúduithe Stáit | An Roinn Oideachais agus Óige |
| Íocaíochtaí a bhaineann le pearsanra scrúduithe stáit | 4155 | Costais Pá Scrúdaithe Stáit | Tuarastal Oideachais |
| Teas | 5510 | Costas Téimh | Deisiú, Cothabháil agus Bunú |
| Soilsiú | 5550 | Costas Soilse agus Cumhachta | Deisiú, Cothabháil agus Bunú |
| Airíochas | 5010 | Costas Pá Feighlí | Deisiú, Cothabháil agus Bunú |
| Glantachán | 5110 | Costas Pá na nGlantóirí | Deisiú, Cothabháil agus Bunú |
| Costais Iompair | 4914 | Costais Deontais Neamhchaipitil Eile RO | Oideachas Caiteachas Eile |

Mura bhfuil an scoil aisíoctha ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit roimh an 31 Lúnasa, ba chóir an Deontas atá dlite a áireamh sa chód ainmniúil 1730 Deontais Dlite. Is féidir é seo a dhéanamh le dialann ag deireadh na bliana mar seo a leanas;

| 31.08.20XX | Ainmniúil | Cur Síos Ainmniúil | € |
|---|---|---|---|
| Creidmheas | 3255 | Ioncam Scrúduithe Stáit | Suim dhlite ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Dochar | 1730 | Deontais Dlite | |

## 9. Fiosruithe

Ba cheart aon fhiosruithe a chur chuig Rannóg Airgeadais Choimisiún na Scrúduithe Stáit ag na huimhreacha gutháin: 090 - 644 2801 / 2877 / 2899 /2805 nó tríd an ríomhphost chuig schoolspayable@examinations.ie.

Is féidir tuilleadh eolais nó soiléirithe ar aon cheann de na saincheisteanna ardaithe sa treoirlíne seo a fháil ón FSSU.

*An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU)*
Teil: 01-269 0677
info@fssu.ie

*14 Aibreán 2026*

## Aguisín 1

Tá foirmeacha ar fáil ar www.examinations.ie (faoi: Scoileanna > Ciorcláin/Eolas > Feitheoirí, Ionaid, Cúntóirí Scrúduithe) agus ar shuíomh gréasáin FSSU mar atá liostaithe thíos:

- Foirm Forléargais 2026 – Achoimre ar Éileamh Scoile
- Foirm E.A.1 2026 – Foirm Aisíocaíochta Scoile maidir le Cúntóir Scrúdaithe/Duine Ainmnithe, 2026
- Foirm P1 2026 – Éileamh ar Aisíocaíocht Táillí a íocadh as Scrúdú Praiticiúil/Scrúdú Cluastuisceana/Ríomheolaíocht/GCAT/Ábhair ATF Liostaithe
- SP1 2026 - Éileamh ar Aisíoc Táillí a íocadh le Feitheoirí arna gceapadh ag an scoil, i gcás go bhfuil freastal réasúnta i gceist
- Bileog Ama/Admháil na Maor - Os cionn 18 mbliana d'aois
- Bileog Ama/Admháil na Maor - Níos óige ná 18 mbliana d'aois
- Foirm APW1 2026 - Éileamh ar Aisíocaíocht Táillí a íocadh as Measúnú Tionscadal agus Réamhobair

## Aguisín 2

| | | |
|---|---|---|
| **Cúntóirí Scrúdaithe** | €172.60 | in aghaidh an lae |
| **Duine Ainmnithe (d'iarrthóirí a bhfuil lagú radhairc orthu)** | €86.30 | in aghaidh an lae |

| **Feitheoirí** | | |
|---|---|---|
| Freastal Réasúnta: (Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad) | €71.07 | in aghaidh an tseisiúin |
| Freastal Réasúnta: (Ráta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta) | €54.23 | in aghaidh an tseisiúin |
| Scrúduithe Praiticiúla (Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad) (Staidéir Foirgníochta, Innealtóireacht agus Ealaín na hArdteistiméireachta; Nascmhodúil LCVP, Eolaíocht Ríomhaireachta na hArdteistiméireachta) | €142.15 | in aghaidh an lae |
| | €71.07 | in aghaidh an tseisiúin |
| Scrúduithe Praiticiúla (Ráta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta) (Staidéir Foirgníochta, Innealtóireacht agus Ealaín na hArdteistiméireachta; Nascmhodúil LCVP, Eolaíocht Ríomhaireachta na hArdteistiméireachta) | €108.46 | in aghaidh an lae |
| | €54.23 | in aghaidh an tseisiúin |
| Scrúdú LCA ICT i mí na Bealtaine (Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad) | €71.07 | in aghaidh an tseisiúin |
| Scrúdú LCA ICT i mí na Bealtaine (Ráta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta) | €54.23 | in aghaidh an tseisiúin |
| Feitheoir Ionaid Speisialta le haghaidh Scrúduithe Scríofa nó Praiticiúla (Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad) | €71.07 | in aghaidh an tseisiúin |

| | | |
|---|---|---|
| Feitheoir Ionaid Speisialta le haghaidh Scrúduithe Scríofa nó Praiticiúla (Ráta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta) | €54.23 | in aghaidh an tseisiúin |
| Scrúduithe Cluastuisceana Ardteistiméireachta/na hArdteistiméireachta Feidhmí/Teastais Shóisearaigh (Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad) | €71.07 | in aghaidh an tseisiúin |
| Scrúduithe Cluastuisceana Ardteistiméireachta/na hArdteistiméireachta Feidhmí/Teastais Shóisearaigh (Ráta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta) | €54.23 | in aghaidh an tseisiúin |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (Le haghaidh Gaeilge Chumarsáideach, & Teangacha (Bliain 1) (Ráta do Dhaoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad) | €71.07 | in aghaidh an tseisiúin |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (Le haghaidh Gaeilge Chumarsáideach, & Teangacha (Bliain 1) (Ráta Chúntóirí Riachtanas Speisialta) | €54.23 | in aghaidh an tseisiúin |

| **Múinteoirí a thugann faoi réamhobair agus measúnú tionscadal** | | |
|---|---|---|
| Réamhobair | €6.13 | In aghaidh an Iarrthóra |
| Measúnú Tionscadal | €4.40 | In aghaidh an Iarrthóra |